AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.9.2022
COM(2022) 434 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## maidir le Rialachán (AE) 2021/821 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le Rialachán (AE) 2021/821 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú**

## 1. RÉAMHRÁ

Soláthraítear faisnéis leis an tuarascáil seo maidir le rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais le haghaidh ítimí dé-úsáide a chur chun feidhme in 2021 agus soláthraítear sonraí comhiomlánaithe léi maidir leis an rialú onnmhairiúcháin le haghaidh 2020. Ba é an Coimisiún a d'ullmhaigh an tuarascáil in éineacht le hionchur ó na Ballstáit[1] sa Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-úsáid (DUCG). Glacadh le Rialachán nua maidir le Rialú Onnmhairiúcháin in 2021, rud a bhí ina gharsprioc thábhachtach i dtaca le beartas de chuid an Aontais a fhorbairt maidir leis an rialú onnmhairiúcháin[2].

Glactar an tuarascáil seo in éineacht leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Scanadh IDC toisc go soláthraítear rialuithe infheistíochta agus rialuithe straitéiseacha trádála leis an rialú onnmhairiúcháin agus leis an Scanadh IDC araon chun an tslándáil san Aontas Eorpach a áirithiú.

Cumhdaítear gníomhaíochtaí in 2021 leis an tuarascáil agus dá bhrí sin ní chumhdaítear gnéithe rialuithe onnmhairiúcháin atá faoi thionchar chogadh ionsaithe na Rúise san Úcráin, ná bearta a rinneadh i bhfoirm srianta onnmhairiúcháin mar fhreagairt ar an gcogadh. Leis na himeachtaí sin, tugadh aird ghéar ó thaobh na polaitíochta de ar shaincheist na rochtana ag an Rúis agus ag an mBealarúis ar theicneolaíochtaí dé-úsáide, cé gur i gcomhthéacs smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ab amhlaidh sin, lena n-áirítear smachtbhannaí agus srianta onnmhairiúcháin, ón Aontas Eorpach.

## 2. TREOCHT AN BHEARTAIS & AN CHREATA RIALÁLA

### 2.1. Beartas rialaithe onnmhairiúcháin

2.1.1. Rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais a nuachóiriú - Rialachán nua maidir le Rialú Onnmhairiúcháin

Sa bhreis ar ghlacadh Rialachán nua maidir le Rialú Onnmhairiúcháin an 19 Bealtaine 2021 agus ar a theacht i bhfeidhm an 9 Meán Fómhair 2021, thionscain an Coimisiún agus na Ballstáit a chur chun feidhme éifeachtach[3], i roinnt réimsí nua - *e.g.* an trédhearcacht, an forfheidhmiú, fothú na hacmhainneachta. Bhí príomhról ag DUCG, mar a thuairiscítear i gcaibidil 3 thíos, agus leathnaíodh 'bonneagar institiúideach' an Aontais maidir le rialú onnmhairiúcháin trí roinnt sainghrúpaí a chruthú chun beartais, treoirlínte, nósanna imeachta

[1] Tuairiscíonn na húdaráis inniúla de chuid roinnt Ballstát go poiblí maidir leis an trádáil in ítimí dé-úsáide freisin.

[2] Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) – (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1) - https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj.

[3] Sa tuarascáil bhliantúil roimhe, tá tuairisc ar phríomheilimintí an Rialacháin nua (roinn 2.1.1. nuachóiriú reachtach).

nua, *etc.* a fhorbairt. Leagtar amach leis an iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo na snáithí oibre éagsúla agus na hamlínte táscacha gaolmhara.

### 2.1.2 Comhairliúcháin agus for-rochtain

In 2021, rinne an Coimisiún sraith de chomhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara ón earnáil tionsclaíochta agus ón tsochaí shibhialta[4] lena n-áirítear maidir le tosaíochtaí le haghaidh na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM nua-bhunaithe ('TTC') - Féach roinn 2.1.3. D'eagraigh an Coimisiún, i gcomhpháirt le hUachtaránacht na Slóivéine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an Fóram bliantúil maidir le Rialú Onnmhairiúcháin an 8 Nollaig 2021 freisin. San Fhóram, tugadh deis chun tuairimí a mhalartú maidir le cur chun feidhme rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais mar aon le córas nuachóirithe an Aontais maidir le rialuithe onnmhairiúcháin le breis agus 800 páirtí leasmhar ón aos tionscail agus ón tsochaí shibhialta[5].

### 2.1.3 Comhar le tríú tíortha

I Mí an Mheithimh 2021, bhunaigh an tAontas Eorpach agus SAM an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM, a tháinig le chéile den chéad uair in Pittsburgh an 29 Meán Fómhair 2021 agus chomhaontaigh Dearbhú Comhpháirteach uaillmhianach, lena n-áirítear comhar maidir leis an rialú onnmhairiúcháin[6]. Tá ceann de na deich Meitheal tiomnaithe do rialuithe onnmhairiúcháin, agus iad ag comhroinnt faisnéise agus ag obair ar théamaí cosúil le forbairtí ó thaobh na reachtaíochta agus na rialála de, measúnuithe riosca agus dea-chleachtais a cheadúnú, mar aon le cuir chuige i leith comhlíontacht agus forfheidhmiú tionsclaíoch. Thairis sin, tá sé d'aidhm ag an meitheal sin cuir chuige chóineasaithe a chur chun cinn i leith rialú ar theicneolaíochtaí dé-úsáide íogaire, agus for-rochtain chomhpháirteach san aos tionscail maidir le rialuithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide.

Is é is aidhm do TTC comhordú níos mó a áirithiú maidir le cuir chuige i leith saincheisteanna trádála agus teicneolaíochta, chun go mbeidh cur chuige iomlánaíoch i gceist ar feadh snáithí oibre difriúla. Sa chomhthéacs sin, téann rialuithe onnmhairiúcháin i bhfeidhm ar ghnéithe grúpaí eile freisin amhail gnéithe a bhaineann le slabhraí soláthair slána, agus go háirithe, leathsheoltóirí, nó ar scanadh na hinfheistíochta eachtraí.

I gcoitinne, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus SAM in Pittsburgh an comhar a fheabhsú sna réimsí seo a leanas:

- Comhairliúcháin theicniúla maidir le forbairtí atá ann cheana agus ar na bacáin ó thaobh na reachtaíochta agus na rialála de, lena n-áirítear coigeartuithe tráthrialta ar liostaí rialaithe agus eisceachtaí sonracha maidir le ceadúnais/Údaruithe Onnmhairiúcháin Ginearálta, treoirlínte a fhorbairt;
- Comhairliúcháin theicniúla agus cuir chuige chóineasaithe i leith rialú ar theicneolaíochtaí dé-úsáide íogaire, agus riosca atá bainteach le honnmhairiú nó le haistriú teicneolaíochtaí íogaire chuig cinn scríbe agus chuig eintitis ar údar imní iad;
- Comhairliúcháin theicniúla maidir le cuir chuige agus gníomhaíochtaí i leith na comhlíontacha agus an fhorfheidhmiúcháin;

[4] Tá sé sin ina chuid dár 'gcomhpháirtíocht leis an earnáil phoiblí', ar príomheilimint de nuachóiriú rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais é.
[5] https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2021/november/tradoc_159949.pdf.
[6] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/STATEMENT_21_4951.

- Cúnamh fothaithe chun acmhainneacht a fhothú do thríú tíortha d'fhonn a gcreataí dlíthiúla a fhorbairt agus tacú lena n-acmhainneacht an rialú a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú; agus
- Comhairliúcháin theicniúla maidir leis an gcomhar iltaobhach agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear i ndáil le córais rialaithe onnmhairiúcháin iltaobhacha, de réir mar is iomchuí.

Rinne an Mheitheal um Rialú Onnmhairiúcháin de chuid TTC teagmháil ghníomhach le páirtithe leasmhara chun a cuid oibre a ullmhú. Reáchtáladh Cruinniú comhpháirteach na bPáirtithe Leasmhara an 27 Deireadh Fómhair 2021[7] lenar tugadh le chéile breis agus 200 ionadaí ón earnáil tionsclaíochta agus ón tsochaí shibhialta agus saineolaithe acadúla chun a dtosaíochtaí a phlé, agus tháinig comhairliúchán poiblí dá éis sin le linn mhí na Nollag 2021 agus mhí Eanáir 2022 – i gcomhthráth le SAM[8].

An 26 Deireadh Fómhair 2021, d'eagraigh an Coimisiún idirphlé maidir le rialú onnmhairiúcháin leis na sé chomhpháirtí ó na Balcáin Thiar[9] chun tacú lena n-iarrachtaí ailíniú leis an *acquis communautaire* lena n-áirítear rialuithe onnmhairiúcháin ar ítimí dé-úsáide an Aontais. D'athdhearbhaigh an tAontas a ullmhacht chun leanúint dá thacaíocht leis an ailíniú le rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais agus thairg sé uirlis cheadúnúcháin leictreonach an Aontais a chur ar fáil do thíortha na mBalcán Thiar arna iarraidh sin dóibh.

## 2.2. Leasuithe faoi Rialachán (AE) 2021/821

### 2.2.1. Nuashonrú ar liosta rialaithe an Aontais

Le Liosta Rialaithe an Aontais in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán, soláthraítear go bunúsach leis liosta d'ítimí dé-úsáide, lena n-áirítear bogearraí agus teicneolaíocht, ba cheart a bheith faoi réir rialuithe i bhfianaise gur féidir iad a úsáid chun críoch sibhialta agus míleata araon. Nuashonraítear ar bhonn tráthrialta é chun athruithe ar na Córais Iltaobhacha Rialaithe Onnmhairí a léiriú. Leasaíodh uair amháin in 2021 é[10] chun na cinntí a chuimsiú ar cinntí iad a comhaontaíodh ó mhí an Mhárta go dtí mí na Nollag 2020 i gcomhthéacs na gcóras sin (go háirithe faoi Chomhaontú Wassenaar agus i nGrúpa na hAstráile).

**Leasuithe ar liosta rialaithe an Aontais in 2021**

Baineann na leasuithe go háirithe le rialú na gcuasán bithchoimeádta, aonraitheoirí, nó caibinéad bithshábháilteachta (2B352.f.2 Nóta 2) chun aon aonraitheoir a chomhlíonann na saintréithe uile thuas a luaitear sa tuairisc ar an ítim, gan beann ar an úsáid a bheartaítear a bhaint as ná ar ainmníocht. Le liosta rialaithe 2021 an Aontais, tugtar athrú isteach freisin ar an sainmhíniú ar 'fhor-chóimhiotail', chun neart teanntachta deiridh na n-ábhar sin a shonrú.

Tháinig Liosta Rialaithe nuashonraithe comhdhlúite an Aontais i bhfeidhm an 7 Eanáir 2022, rud lenar fágadh go raibh an tAontas in ann a ghealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh. D'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht lenar soláthraíodh forléargas ar na hathruithe uile ar

[7] https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2021/december/tradoc_159950.pdf.
[8] https://futurium.ec.europa.eu/en/EU-US-TTC/wg7/documents/summary-public-feedback-consultation-working-group-7.
[9] An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia.
[10] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2021 (IO L 3, 6.1.2022, lch. 1).

Liosta na Rialuithe ar Ítimí Dé-Úsáide 2021 an Aontais, ina achoimre mar “Nóta Achoimre"[11].

## 2.3. Bearta náisiúnta cur chun feidhme agus forfheidhmiúcháin

2.3.1. Bearta cur chun feidhme

Tá Rialachán ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát. Mar sin féin, foráiltear leis go bhféadfaidh na Ballstáit bearta áirithe a dhéanamh chun forálacha sonracha a chur chun feidhme, amhail cé acu is gá ceadúnas a iarraidh le haghaidh ítimí dé-úsáide áirithe nó nach gá, i gcás ina bhféadfaidh amhras a bheith ar an onnmhaireoir go mbainfear úsáid as na hítimí ar bhealach nach gceadaítear leis an Rialachán. Ceanglaítear leis go bhfoilseofar faisnéis ar na bearta náisiúnta sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá réir sin, d’fhoilsigh an Coimisiún Nóta Faisnéise an 8 Feabhra 2021[12] lena soláthraítear forléargas nuashonraithe a bhearta a rinne na Ballstáit lena n-áirítear, *inter alia*, chun rialuithe bróicéireachta agus idirthurais a leathnú, rialuithe a leathnú chun ítimí neamhliostaithe a chuimsiú ar chúiseanna slándála poiblí agus chun ceisteanna chearta an duine a chur san áireamh, údaruithe onnmhairiúcháin ginearálta náisiúnta a thabhairt isteach, rialuithe ar aistriú laistigh den Aontas a chur i bhfeidhm le haghaidh ítimí neamhliostaithe. Léirítear leis an Nóta Faisnéise sin gníomhaíochtaí an Aontais chun trédhearcacht na rialacha is infheidhme a áirithiú mar aon le hiarrachtaí chun tacú le cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach na rialuithe ag onnmhaireoirí ar feadh an Aontais.

2.3.2. Bearta forfheidhmiúcháin

Níor cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi aon fhorbairt nua in 2021. Tá liosta na mbeart forfheidhmiúcháin náisiúnta a foilsíodh in éineacht le tuarascáil bhliantúil 2019 maidir leis an rialú onnmhairiúcháin[13] fós bailí.

## 2.4 Onnmhairí ó Thuaisceart Éireann

Tháinig onnmhairí ítimí dé-úsáide ón Aontas go dtí an Ríocht Aontaithe faoi réir rialú faoin Rialachán le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas an 1 Eanáir 2021, díreach mar aon le honnmhairí chuig aon tríú tír eile.

Leagtar socruithe sonracha amach i bPrótacal Thuaisceart Éireann (TÉ)[14], lena bhforáiltear go bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir leis an Ríocht Aontaithe, agus sa Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann[15], agus an Ríocht Aontaithe ag gníomhú mar údarás inniúil faoin Rialachán le haghaidh onnmhairí ó Thuaisceart Éireann chuig tríú tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach. D’fhorbair an Coimisiún uirlis thiomnaithe shlán leictreonach chun tacú le malartú na faisnéise le húdarás inniúil na Ríochta Aontaithe atá i gceannas ar an Rialachán a chur i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann agus ó Thuaisceart Éireann. Leis sin, cuirtear ar a chumas don údarás sin rochtain a fháil ar fhaisnéis ar dhiúltuithe le haghaidh idirbhearta atá comhionann go bunúsach ar diúltuithe iad atá eisithe ag an mBallstát de chuid an Aontais,

[11] Tá an Nóta Achoimre ar fáil ag: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2021/november/tradoc_159903.pdf
[12] https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2022/februarT/tradoc_160037.pdf
[13] https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=COM(2019)562&lang=en
[14] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7. (‘An Comhaontú um Tharraingt Siar’).
[15] Airteagal 5(4) de Phrótacal Thuaisceart Éireann agus Roinn 47 d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin.

agus comhairliúchán déthaobhach a bheith aige leis an mBallstát a d'eisigh amhlaidh, dá bhforáiltear leis an Rialachán[16].

## 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN GHRÚPA COMHORDÚCHÁIN UM DHÉ-ÚSÁID

Le DUCG, tugtar saineolaithe ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit le chéile chun aon saincheist a scrúdú ar saincheist í a bhaineann le cur i bhfeidhm rialuithe onnmhairiúcháin[17]. Reáchtáil sé sé chruinniú in 2021.

### 3.1. Comhairliúcháin maidir le saincheisteanna ó thaobh cur chun feidhme de - malartú ginearálta na faisnéise

Reáchtáil an Coimisiún agus ionadaithe na mBallstát in DUCG ***malartuithe faisnéise ginearálta maidir le saincheisteanna i dtaca le rialú onnmhairiúcháin***, lena n-áirítear maidir le tacaíocht don nuachóiriú reachtach ar rialuithe onnmhairiúcháin an Aontais.


Chomhordaigh an Coimisiún malartú faisnéise i measc na mBallstát in DUCG maidir le ***bearta cur chun feidhme náisiúnta*** agus d'ullmhaigh an nuachóiriú ar an Nóta Faisnéise i dtaca le bearta náisiúnta le tacaíocht DUCG.[18]

Le teacht i bhfeidhm an Rialacháin nua i mí Mheán Fómhair 2021, chuir DUCG tús lena obair chun an Rialachán a chur chun feidhme, agus é ag comhaontú le faisnéis a mhalartú go tráthrialta. Mar shampla, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit in DUCG tosú ar mhachnamh a dhéanamh ar na forálacha nua den Rialachán, lena gceanglaítear go bhfoilseofar bearta náisiúnta agus liostaí rialaithe náisiúnta (Airteagail 9 agus 10).

Bhailigh an Coimisiún faisnéis maidir le ***sonraí ceadúnúcháin*** *le tacaíocht ó DUCG* chun forléargas a sholáthar ar chur chun feidhme na rialuithe ar onnmhairiú agus chun an trédhearcacht phoiblí a mhéadú maidir le rialuithe an Aontais ar onnmhairiú ítimí dé- úsáide (úsáideadh sonraí comhiomlánaithe 2020 de chuid an Aontais chun an tuarascáil bhliantúil sin a ullmhú).

Rinne DUCG ***malartú teicniúil faisnéise maidir le cur i bhfeidhm na rialuithe ar theicneolaíochtaí cibearfhaireachais*** in 2020. Leis na sonraí a bailíodh ó na Ballstáit, tá laghdú le feiceáil ar líon na gceadúnas chun na teicneolaíochtaí sin a onnmhairiú (féach Tábla 1), agus 39 gceadúnas san iomlán le haghaidh ítimí cibearfhaireachais eisithe[19] in 2020. Sa tréimhse chéanna, eisíodh 32 dhiúltú le haghaidh ítimí cibearfhaireachais.

[16] D'fhormheas DUCG an fheidhmiúlacht nua DUeS sin.
[17] An tuarascáil sin, is í an tuarascáil bhliantúil freisin í a cheanglaítear leis an Rialachán nua maidir le gníomhaíochtaí, scrúduithe agus comhairliúcháin DUCG.
[18] Foilsíodh an nóta faisnéise nuachóirithe an 8 Feabhra 2022, Fógra IO 2022/C66/27.
[19] Trealamh idircheaptha teileachumarsáide móibílí, córais faireachais ar líonraí Prótacail Idirlín, bogearraí ionraidh.




*Tábla 1: Líon na gceadúnas aonair le haghaidh ítimí cibearfhaireachais liostaithe.*

### 3.2. Malartú teicniúil faisnéise – saincheisteanna cur chun feidhme

Faoi chomhordú an Choimisiúin, thionscain DUCG bearta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna teicniúla áirithe ó thaobh cur chun feidhme de agus chuir sainghrúpaí tiomnaithe ar bun chun ceanglais an Rialacháin nua a chur chun feidhme.

Sholáthair údaráis inniúla na mBallstát in DUCG saineolas teicniúil lenar tacaíodh leis na nuashonruithe ar liosta rialaithe an Aontais, agus bhí siad páirteach i bpléití maidir le roinnt saincheisteanna sonracha ó thaobh cur chun feidhme de amhail an gá chun an malartú faisnéise a fheabhsú faoi Údaruithe Ginearálta Onnmhairithe nua ón Aontas (EUGEAnna) agus faoi cheadúnais dhomhanda, nó sásra comhairliúcháin a fhorbairt idir údaráis inniúla maidir le faisnéis ar onnmhaireoirí a úsáideann ceadúnais iomlánaíocha.

I leith sainghrúpaí teicniúla, a bhfuil a ról aitheanta sa Rialachán nua anois, athghníomhachtaíodh an *Surveillance Technology Expert Group* [Sainghrúpa um Theicneolaíocht Faireachais] (STEG) agus rinneadh athbhreithniú ar a Théarmaí Tagartha chun forálacha nua an Rialacháin a léiriú. Le STEG, cuirtear ar chumas do shaineolaithe ó na Ballstáit rannchuidiú le rialuithe de chuid an Aontais a fhorbairt ar onnmhairí teicneolaíochtaí cibearfhaireachais. Baineann sainordú STEG leis an malartú faisnéise i dtaca le rioscaí atá bainteach le honnmhairí ítimí cibearfhaireachais agus le pléití teicniúla faoi ítimí cibearfhaireachais sonracha, mar aon le treoirlínte a fhorbairt maidir leis an dícheall cuí d'onnmhaireoirí. In 2021, chomhroinn saineolaithe faisnéis ab ábhartha maidir le táirgí áirithe, amhail lárionaid faireacháin agus réitigh choinneála sonraí (DRS), feithiclí faireachais, agus córais Phrótacail Idirlín don Ghuthú (VoIP) - mar chuid dá n-athbhreithniú teicniúil ar theicneolaíochtaí cibearfhaireachais a d'fhéadfadh a bheith ann.

An Sainghrúpa Teicniúil maidir le treoirlínte a fhorbairt le haghaidh taighde dé-úsáide (TEG-DUR), chuir sé Treoraíocht an Aontais i gcrích maidir le cláir chomhlíontachta inmheánacha le haghaidh taighde a bhaineann le hítimí dé-úsáide, ag a bhfuil feidhm maidir le haistriú na teicneolaíochta agus an eolais atá bainteach leis an taighde sin freisin. Glacadh an treoraíocht sin mar Mholadh ón gCoimisiún i mí Mheán Fómhair 2021[20] agus tá sé d'aidhm

[20] Moladh (AE) 2021/1700 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2021 maidir le cláir chomhlíontachta inmheánacha le haghaidh rialuithe ar thaighde a bhaineann le hítimí dé-úsáide faoi Rialachán (AE) 2021/821 ó

aici cuidiú le taighdeoirí, bainisteoirí taighde agus foireann comhlíontacha in ollscoileanna agus in eagraíochtaí taighde rioscaí a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú ar rioscaí iad atá bainteach le comhar le comhpháirtithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach (nó le taighdeoirí lasmuigh den Aontas Eorpach) ar thionscadail taighde ar féidir leo a bheith faoi réir rialuithe ar onnmhairiú ítimí dé-úsáide le fírinne. Uirlis tagartha choiteann is ea an treoraíocht de chuid an Aontais le haghaidh údaráis inniúla na mBallstát agus cláir for-rochtana shonracha á bhforbairt acu agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le húdaruithe onnmhairiúcháin le haghaidh ítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I den Rialachán. Treoraíocht neamhcheangailteach is ea í agus is ar eagraíochtaí taighde agus ar thaighdeoirí a bhíonn an fhreagracht i gcónaí as a n-oibleagáidí faoin Rialachán a chomhlíonadh. Chuir DUCG tús dá éis sin le plean gníomhaíochtaí a fhorbairt chun tacú leis an treoraíocht a chur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh uirthi.

Seoladh Sainghrúpa Teicniúil nua maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn (ETEG) mar fhóram tiomnaithe chun faisnéis a mhalartú faoi rioscaí atá bainteach le honnmhairí teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus faoi na dúshláin atá bainteach lena rialú. Thionóil ETEG a chéad chruinniú i mí Dheireadh Fómhair 2021.

D’ullmhaigh an Coimisiún dréacht-Téarmaí Tagartha freisin – arna bhformhuiniú ag DUCG - le haghaidh Sainghrúpa Teicniúil maidir leis an mbailiú sonraí agus leis an trédhearcacht (TEG-Transparency) agus Sásra um Chomhordú ar Fhorfheidhmiú (ECM), a thacóidh le faisnéis a mhalartú agus le dea-chleachtais a fhorbairt i measc údaráis cheadúnúcháin agus forfheidhmiúcháin san Aontas.

Ar deireadh, thionóil DUCG pléití tosaigh maidir le Sainghrúpa Teicniúil um fhothú acmhainneachta a chur ar bun d’fhonn tacú leis an oiliúint thráthrialta agus leis an saineolas a chomhroinnt go tráthrialta laistigh de chomhphobal dé-úsáide an Aontais.

### 3.3. Treoirlínte an Aontais maidir le Rialuithe ar Onnmhairiú Ítimí Dé-Úsáide

Ghlac an Coimisiún Treoirlínte maidir leis an Taighde Dé-Úsáide a luaitear i roinn 3.2 thuas agus foilsíodh iad an 23 Meán Fómhair 2021[21].

Leis an Rialachán nua, tugtar forálacha isteach maidir le rialú ar onnmhairí ítimí cibearfhaireachais neamhliostaithe agus treoirlínte le bheith ina gcúltaca leo le haghaidh onnmhaireoirí chun tacú lena gcur chun feidhme go héifeachtach. Leis na rialuithe sin, tugtar aghaidh ar an riosca go n-úsáidfear na hítimí sin i dtaca le brú faoi chois inmheánach nó sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus/nó ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Tá STEG ag obair ar ullmhú na dtreoirlínte sin lena n-áirítear, *inter alia,* bearta díchill chuí lena ndéantar measúnú ar rioscaí a bhaineann le honnmhairiú ítimí den sórt sin chuig úsáideoirí deiridh agus le haghaidh úsáidí deiridh sonracha.

### 3.4. Uirlisí TF chun Faisnéis a Mhalartú i measc na mBallstát agus le haghaidh an Cheadúnúcháin Leictreonaigh

Lean an Coimisiún, agus DUCG ag tacú leis, den r-Chóras Dé-Úsáide (DUeS) a fhorbairt mar chnámh droma na teicneolaíochta faisnéise le haghaidh líonra rialaithe onnmhairiúcháin an

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú

[21] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=uriserv:OJ.L_.2021.338.01.0001.01.ENG

Aontais. Tá príomhról ag an ardán sin i gcur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin, mar shampla, an chomhroinnt faisnéise dá bhforáiltear faoi Airteagal 5.

Forbraíodh feidhmiúlachtaí nua chun tacú le malartú na faisnéise faoi dhiúltuithe d'aistrithe laistigh den Aontas, agus chun tacú leis an athbhreithniú agus leis an nuashonrú tráthrialta ar fhaisnéis faoi dhiúltuithe ag na húdaráis inniúla.

I bhfianaise *Brexit*, tugadh feidhmiúlacht nua isteach a thacaíonn leis an malartú faisnéise leis an Ríocht Aontaithe faoi Phrótacal Thuaisceart Éireann i mí Eanáir 2021.

Tar éis roinnt blianta á ullmhú, ba é 2021 an chéad bhliain i mbun oibriúcháin don chóras r-Cheadúnúcháin dé-úsáide, agus é tugtha isteach in dhá Bhallstát - an Laitvia agus an Rómáin. Leis an r-Cheadúnúchán, bíonn údaráis inniúla agus onnmhaireoirí in ann rialuithe a riaradh ar líne ar bhealach níos éifeachtúla agus an t-ualach riaracháin atá bainteach le rialuithe a laghdú. Is é is aidhm dó go rachaidh sé in ionad córais as líne nó córais náisiúnta leictreonacha as dáta, rud lena bhfágtar go mbeifear in ann faisnéis a mhalartú ar bhealach níos solúbtha - lena n-áirítear maidir le sonraí ceadúnúcháin a thuairisciú don Choimisiún – agus lena dtugtar tuilleadh cumais chun sonraí a mhalartú ar feadh an Aontais. Leanadh d'fhorbairt an chórais r-Cheadúnúcháin in 2021 in éineacht le húdaráis inniúla eile a bhí ag teacht isteach sa treoirthionscadal (an Iodáil agus an Bheilg - chuaigh sé i mbun feidhme i Réigiún na Vallúine in 2022 agus beidh an tSlóivéin le déanamh amhlaidh go luath in 2023). Lasmuigh den Aontas Eorpach, mar chuid dá idirphléití le tíortha comhpháirtíochta, tá an Coimisiún ag scrúdú roghanna chun an uirlis r-Cheadúnúcháin a sholáthar do chomhpháirtithe *e.g.* an t-údarás náisiúnta sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin a léirigh spéis in úsáid na huirlise.

Tá forbairt an tionscadail r-Cheadúnúcháin ag dul i dtreonna nua freisin chun go mbeidh rialuithe níos éifeachtaí, mar shampla, tríd an gcóras r-Cheadúnúcháin a nascadh le córais náisiúnta chustaim trí thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail Chustaim. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé i bhfad níos éasca faisnéis a chomhroinnt thar theorainneacha agus le húdaráis chustaim, rud lena laghdófar an t-ualach rialála d'oibreoirí agus lena gceadófar bainistíocht uathoibríoch maidir le cainníocht na gceadúnas. Dhéanfaí amhlaidh tríd an ardán Malartaithe Deimhnithe - 'CERTEX' faoi bhainistíocht AS an Chánachais agus an Aontais Chustaim.

Arna iarraidh sin do na Ballstáit a oibríonn córais r-Cheadúnúcháin cheana féin, thionscain an Coimisiún tionscadal nua 'droichead r-Cheadúnúcháin' chun go mbeadh córais náisiúnta cheadúnúcháin in ann nascadh le córais chustaim.

### 3.5. Cur chun feidhme agus forfheidhmiú

Rinne an Coimisiún maoirsiú ar mhalartú faisnéise faoi chur chun feidhme agus forfheidhmiú na rialuithe le tacaíocht ó DUCG. De réir sonraí atá ar fáil, i líonra rialaithe onnmhairiúcháin an Aontais – lena gcuimsítear foireann in údaráis inniúla cheadúnúcháin na mBallstát agus sa Choimisiún – bhí breis agus 345 bhall foirne. Maidir leis an bhforfheidhmiúchán ar leibhéal náisiúnta, taifeadadh 78 sárú ar rialacháin maidir le rialú ar onnmhairí in 2020, agus chuir údaráis um fhorfheidhmiú an dlí náisiúnta ocht bpionós riaracháin agus seacht bpionós choiriúla i bhfeidhm.

## 3.6. Fothú na hacmhainneachta

In 2021, rannchuidigh Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, le tacaíocht Ard-Stiúrthóireacht na Trádála agus DUCG, le hullmhú an 14ú sheimineáir theicniúil de chuid JRC-na Gníomhaireachta Náisiúnta Slándála Núicléiche d'údaráis cheadúnúcháin. Ba é Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin agus Roinn Fuinnimh na Stát Aontaithe a d'eagraigh an seimineár. Tionóladh é thar roinnt seisiún ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Samhna 2021. Bhí an seimineár dírithe ar an gcibearfhaireachas, criptea-airgeadraí, blocshlabhra agus maoiniú leata.

## 3.7. An trédhearcacht agus idirphlé leis an tionsclaíocht agus leis an lucht léinn

Mar a luaitear i roinn 2.1.2, d'eagraigh an Coimisiún – le tacaíocht DUCG – Fóram 2021 maidir le Rialú Onnmhairiúcháin, agus d'ullmhaigh doiciméadacht chun tacú le honnmhaireoirí an rialachán a chur chun feidhme, lena n-áirítear Treoirlínte maidir le taighde dé-úsáide agus 'Achoimre Chuimsitheach 2020 ar Nóta faoi Athruithe' lenar míníodh na hathruithe ar an Liosta Rialaithe.


## 4. RIALUITHE ONNMHAIRIÚCHÁIN AN AONTAIS – PRÍOMHSHONRAÍ

Tá sé fós deacair faoi láthair faisnéis iontaofa a fháil ar onnmhairí dé-úsáide foriomlána (lena n-áirítear ítimí dé-úsáide neamhliostaithe) toisc nach bhfuil aon chatagóir oifigiúil 'ítimí dé-úsáide' i staitisticí eacnamaíocha / trádála oifigiúla. Mar sin féin, bailíonn an Coimisiún agus na Ballstáit sonraí lena gcumasaítear garmheastacháin onnmhairí na n-earraí dé-úsáide ar bhonn, ar thaobh amháin, sonraí ceadúnúcháin sonracha a bhailíonn údaráis inniúla agus, ar an taobh eile, staitisticí le haghaidh dearbhuithe onnmhairiúcháin do chustaim an Aontais lena n-áirítear earraí dé-úsáide. Cuirtear meastacháin sonraí onnmhairiúcháin 2020 i láthair thíos. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-áirítear leis na meastacháin a chuirtear i láthair seirbhísí ná aistrithe teicneolaíochta doláimhsithe atá bainteach leis an trádáil in earraí dé-úsáide.

## 4.1. Trádáil dé-úsáide an Aontais: ítimí agus cinn scríbe

In 2021, bhí feidhm ag an Rialachán go príomha maidir le honnmhairiú thart faoi 1884 ítim dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinn I ('Liosta Rialaithe an Aontais') agus a aicmítear in 10 gcatagóir ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 821/2021[22] (Fíor 1). Baineann na hítimí dé-úsáide sin le thart faoi 1 000 'tráchtearra' ón 'ainmníocht chustaim', lena n-áirítear ceimiceáin, miotail agus táirgí mianraí neamh-mhiotalacha, ríomhairí, táirgí leictreonacha agus optúla, trealamh leictreach, innealra, feithiclí agus trealamh iompair, *etc.* agus is i gcuid na hardteicneolaíochta den réimse mór de thráchtearraí measctha a bhíonn na hearraí sin go hiondúil.


[22] Léirítear le liosta na gcatagóirí liosta Chomhshocrú Wassenaar, lenar cuireadh catagóir 0 maidir le hítimí núicléacha.




*Fíor 1: Líon na n-iontrálacha dé-úsáide a liostaítear sna deich gCatagóir d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.*

Léiríonn meastacháin staidrimh faoin tábhacht choibhneasta a bhaineann leis an trádáil dé-úsáide gur thart faoi 2.7 % d'onnmhairí iomlána AE27 iad onnmhairí dé-úsáide (laistigh den Aontas agus lasmuigh de), laistigh de 'fhearann onnmhairí dé-úsáide' leathan[23] de thráchtearraí custaim lena bhféadfaí, ar leibhéil éagsúla, ítimí dé-úsáide áirithe a áireamh (Fíor 2). D'fhágfadh sé sin gur € 128 mbilliún é luach na trádála dé-úsáide in 2020.


[23] Leis an modheolaíocht staidrimh a d'fhorbair Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin, baintear úsáid as tábla comhghaoil, arna fhorbairt ag Roinn Chánachais agus Chustaim an Choimisiúin (AS TAXUD), idir uimhreacha aicmiúcháin dé-úsáide agus cóid chustaim agus de shonraí COMEXT Eurostat, mar aon le sonraí ceadúnúcháin arna soláthar ag Ballstáit AE27. Leis an gcoincheap maidir le *fearann onnmhairí dé-úsáide* táthar ag tagairt do réimse mór earraí measctha, lena n-áirítear ítimí dé-úsáide. Tarlaíonn an trádáil in ítimí dé-úsáide *laistigh* den réimse earraí sin, ach ní comhionann leis an réimse sin an trádáil chéanna, ós rud é go mbeidh na táirgí agus na hítimí a chumhdaítear leis an gcatagóir chustaim sin i bhfad níos leithne agus go gcumhdófar go leor ítimí nach mbaineann ach úsáidí sibhialta amháin leo, nó nach ítimí dé-úsáide iad.





*Fíor 2: Meastacháin staidrimh maidir le honnmhairí dé-úsáide laistigh den Aontas agus lasmuigh de.*

Taispeánann meastacháin staidrimh príomhchinn scríbe na n-onnmhairí freisin agus léiríonn go ndírítear cuid mhór de na honnmhairí dé-úsáide i dtreo tíortha a liostaítear ar Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas Eorpach (UGOAEnna). Léiríonn rangú na dtíortha cinn scríbe margadh onnmhairí an Aontais i mbascaed earraí a bhaineann le hítimí dé-úsáide go príomha (Fíor 3 agus 4)[24].

[24] Sainmhínítear 'Stórais agus soláthairtí breise' mar stórais long agus aerárthach a sheachadadh. Le 'Nithe Ilghnéitheacha – tíortha nach sonraítear sa bhreis' áirítear tíortha agus críocha nach sonraítear laistigh den chreat trádála le tríú tíortha ( *i.e.*, úsáidtear na cóid sin le haghaidh earraí a sheachadtar le haghaidh suiteálacha eischósta de ghnáth).




*Fíor 3: Meastacháin an Aontais maidir le honnmhairiú ítimí dé-úsáide: na 25 thír chinn scríbe ba mhó le haghaidh onnmhairí agus a bhfo-réigiúin in 2020.*




*Fíor 4: Meastacháin an Aontais maidir le honnmhairiú ítimí dé-úsáide: tíortha cinn scríbe de réir réigiúin agus fo-réigiún in 2020*

## 4.2. Ceadúnais dé-úsáide an Aontais: iarratais, údaruithe, diúltuithe


I bhfianaise Airteagal 23(2) den Rialachán, lena sonraítear '*Déanfaidh na Ballstáit na bearta iomchuí uile is gá chun comhar díreach agus malartú faisnéise a bhunú idir na húdaráis inniúla d'fhonn éifeachtúlacht chóras rialaithe onnmhairí an Aontais a fheabhsú*', tá sonraí agus faisnéis cheadúnúcháin malartaithe ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun feabhas a chur ar an tuiscint ar rialuithe onnmhairiúcháin agus ar a n-éifeacht eacnamaíoch. Thacaigh DUCG leis an malartú sin. Tuairiscítear roinnt sonraí a bailíodh le haghaidh na tréimhse tuairiscithe thíos; ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach mbailíonn na Ballstáit uile sonraí. Is é atá san fhaisnéis a sholáthraítear thíos meastacháin ar chainníochtaí agus ar luachanna comhiomlánaithe laistigh de theorainneacha na sonraí arna gcur ar fáil ag na Ballstáit.

In 2020 shroich luach iomlán[25] na n-iarratas EUR 38.4 billiún agus ba é 2.3 % d'onnmhairí iomlána lasmuigh den AE27 iad na honnmhairí dé-úsáide rialaithe dá bhrí sin. Ba é EUR 31 bhilliún an trádáil dé-úsáide údaraithe, ar 1.9 % de na honnmhairí iomlána lasmuigh den AE27 é sin, agus údaraíodh tromlach na n-idirbheart faoi cheadúnais aonair[26] (thart faoi 19 412 ceadúnas aonair eisithe in 2020) agus faoi cheadúnais uilíocha[27] (de réir a luacha). Níor diúltaíodh ach do chion beag d'onnmhairí le fírinne: eisíodh 559 ndiúltú in 2020, ar thart faoi 1.4 % iad de luach na n-onnmhairí dé-úsáide rialaithe sa bhliain sin iad, agus 0.03 % de na honnmhairí iomlána lasmuigh den AE27 iad. Difríochtaí i sonraí a léiríonn laghdú i gcomparáid leis na blianta roimhe, is i ngeall ar *Brexit* na difríochtaí sin agus toisc nár sholáthair an Ríocht Aontaithe sonraí ó 2019 i leith. Maidir le cinn scríbe le haghaidh ceadúnais onnmhairiúcháin, bhain 94 % den luach ceadúnaithe leis na 25 cheann scríbe lasmuigh den Aontas ba mhinice a ndeachaigh onnmhairí chucu, agus ba iad an tSín, na Stáit Aontaithe, an Téaváin, an Chóiré Theas agus an Rúis na príomhchinn scríbe. Maidir le haistrithe laistigh den Aontas, ba iad an Fhrainc, an tSualainn, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Spáinn agus an Bheilg na príomhchinn scríbe. Leis an miondealú ar cheadúnais de Chatagóirí ítimí in Iarscríbhinn I den Rialachán dé-úsáide, léirítear gurb í Catagóir 5 maidir leis *An teileachumarsáid agus 'slándáil faisnéise'* an phríomhchatagóir de réir luacha in 2020, agus *Catagóir 0 maidir le hÁbhair agus saoráidí núicléacha agus trealamh núicléach* dá éis sin agus Catagóir 3 maidir le *Leictreonaic.*


[25] Áirítear leis an bhfigiúr sin luach le haghaidh iarratais ar cheadúnais agus fógraí faoi Údaruithe Ginearálta Onnmhairiúcháin. Le hÚdaruithe Ginearálta Náisiúnta Onnmhairiúcháin, ceadaítear onnmhairí d'ítimí dé-úsáide chuig cinn scríbe áirithe faoi choinníollacha áirithe agus is féidir le húdaráis inniúla Ceadúnais iomlánaíocha a dheonú d'aon onnmhaireoir agus féadfar ítimí iolracha chuig tíortha cinn scríbe iolracha nó chuig úsáideoirí deiridh iolracha a chumhdach leis na ceadúnais sin.

[26] Is é atá i gceadúnais aonair ceadúnais a thugtar d'aon onnmhaireoir sonrach amháin le haghaidh aon úsáideoir deiridh nó aon choinsíní amháin i dtríú tír agus lena gcumhdaítear aon ítim dé-úsáide amháin nó níos mó.

[27] Is é atá i gceadúnais dhomhanda ceadúnais a dheonaítear d'onnmhaireoir sonrach amháin i leith chineál nó chatagóir ítimí dé-úsáide a d'fhéadfadh a bheith bailí le haghaidh onnmhairí chuig úsáideoir deiridh sonraithe amháin nó níos mó agus/nó i dtríú tír shonraithe amháin nó níos mó.





*Fíor 5: Méid (uimhir) na n-údaruithe agus na ndiúltuithe in 2016-2020*[28].





*Fíor 6: Luach (mln EUR) na n-údaruithe agus na ndiúltuithe in 2016-2020.*


[28] I bhFíoracha 5 agus 6, 'Iarratais', áirítear leis na sonraí gach iarratas ar cheadúnais, lena n-áirítear fógraí faoi údaruithe ginearálta, rud lena soláthraítear dá bhrí sin táscaire faoi 'onnmhairí rialaithe' *i.e.* luach na n-onnmhairí lasmuigh den Aontas atá faoi réir próiseas údaraithe. I gcásanna nach bhfuil aon sonraí ar fáil ar na hiarratais, baintear úsáid as sonraí údarúcháin leis na cairteacha mar mheastachán le haghaidh shonraí na n-iarratas. Tagraíonn 'Údaruithe' d'onnmhairí dé-úsáide arna n-údarú faoi cheadúnais aonair agus dhomhanda. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gá go gcomhfhreagróidh iarratais do shuim na n-údaruithe agus na ndiúltuithe, toisc go bhféadfaidh roinnt iarratas a bheith cealaithe agus go mb'fhéidir nach mbeidh roinnt iarratas curtha i gcrích laistigh den bhliain chéanna. Tagraíonn 'Diúltú' do mhéid agus do luach na n-onnmhairí diúltaithe. Difríochtaí i sonraí a léiríonn laghdú i gcomparáid leis na blianta roimhe, is i ngeall ar *Brexit* na difríochtaí sin agus toisc nár sholáthair an Ríocht Aontaithe sonraí ó 2019 i leith.





*Fíor 7: Méid (líon) na n-údaruithe in aghaidh an chineáil cheadúnais in 2020.*





*Fíor 8: Luach (mln EUR) na n-údaruithe in aghaidh an chineáil in 2020.*




*Fíor 9: Príomhchinn scríbe lasmuigh den Aontas a bhain le húdaruithe in 2020.*




*Fíor 10: Cinn scríbe laistigh den Aontas a bhain le húdaruithe in 2020.*




*Fíor 11: Údaruithe de réir na 10 gCatagóir in Iarscríbhinn I den Rialachán dé-úsáide.*

## 5. CONCLÚID

Sa bhreis ar na gníomhaíochtaí éagsúla a tionscnaíodh in 2021, leanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit de bheith ag díriú ar na ceanglais agus ar na sainorduithe nua faoin Rialachán nua a chomhlíonadh. Áirítear leis sin a bheith ag leanúint den obair sna sainghrúpaí teicniúla éagsúla i dtreo rialuithe feabhsaithe ar theicneolaíochtaí cibearfhaireachais, malartú faisnéise feabhsaithe agus trédhearcacht fheabhsaithe, rialuithe onnmhairiúcháin a fhorfheidhmiú, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus fothú acmhainneachta agus cláir oiliúna an Aontais a fhorbairt le haghaidh údaráis cheadúnúcháin agus forfheidhmiúcháin na mBallstát.

Leis na gníomhaíochtaí sin de chuid an Aontais faoin Rialachán nua, beidh an tAontas in ann dul i gcomhar le comhpháirtithe ar bhealach níos éifeachtaí freisin chun cóineasú domhanda na rialuithe a chur chun cinn, mar aon le heasaontais trádála a laghdú agus an intuarthacht a mhéadú le haghaidh gnólachtaí, luachanna an Aontais a chur chun cinn agus seasamh leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta.

Iarscríbhinn – An Rialachán nua maidir le Rialú Onnmhairiúcháin ar Ítimí Dé-Úsáide a Chur Chun Feidhme – Amlínte Táscacha

